

COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú Alt 179 Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú

De bhun riachtanais Chuid 8 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2001 tugtar fógra leis seo go bhfuil na hoibreacha seo a leanas beartaithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí:

Scéim Taistil Gníomhach an Chlocháin

- Leathnú cosáin agus oibreacha athsholáthair.
- Leathnú an bhóthair atá ann faoi láthair chun freastal ar oibreacha cosáin.
- 1 (uimh.) trasrian coisithe a chur ar fáil.
- Oibreacha um Chúngú Acomhail ag Acomhail T an Eastáit chun sábháilteacht coisithe a fheabhsú.
- An Bonneagar um Shoilsíú Poiblí a fheabhsú.
- An bonneagar Uisce Dromchla a fheabhsú.
- Talamh a fháil chun freastal ar oibreacha feabhsaithe cosáin.
- Cuaille BSL a athlonnú chun freastal ar oibreacha leathnaithe cosáin.
- 4 (Uimh) Chrann a bhfuil na clibeanna T752, T753, T754 agus T755 orthu a bhaint chun freastal ar oibreacha chun cosáin a fheabhsú. Ocht (8 Uimhir) gcrann athsholáthair a chur laistigh de Cheantar Glas Radharc an Chnoic.
- Suiteáil comharthaí rabhaidh nua agus líneáil bóithre.
- Lena n-áirítear na hoibreacha gaolmhara go léir.

agus gach obair fhorbartha ghaolmhar ag Sráid an Chnoic, An Clochán, Contae Uíbh Fhailí.

Tá Tuarascáil Scagthástála (EIA) Measúnacht Tionchair Timpeallachta ullmhaithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí de réir cheanglais na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) agus chinn siad gur dócha nach mbeadh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol. (Airteagal 120 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, arna leasú 2018) Dá réir sin, socraíodh nach bhfuil gá le EIA maidir leis an bhforbairt bheartaithe seo. Is féidir le duine ar bith, laistigh de 4 seachtaine dar tosach **an 1 Feabhra 2024**, iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh scagthástála maidir le cé acu an dóigh go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol.

Tá scagadh le haghaidh Measúnachta Cuí déanta ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus socraíodh gur dócha nach mbeadh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe ar láithreáin Eorpacha.

Is féidir leis an bpobal pleananna agus sonraí na Scéime um Thaisteal Gníomhach an Chlocháin a scrúdú nó a cheannach ag uaireanta oscailte poiblí Oifig Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, Áras an Chontae, Bóthar Bhaile an Bhóthair, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí (R35 F893) agus ag oifig Cheantar Bardasach Bhiorra, Bóthar Wilmer, Páirceanna an Bhaile, Biorra, Contae Uíbh Fhailí (R42 X271), ar feadh tréimhse ceithre seachtaine dar críoch an **1 Márta 2024**.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe ina bpléitear le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina bhfuil an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn chuig an Uasal Tom Shanahan, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, Áras an Chontae, Bóthar Charleville, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí (R35 F893) **roimh 12.00 meán lae ar an 15 Márta 2024**.

Is féidir líníochtaí agus sonraí na forbartha beartaithe a fheiceáil ar líne freisin ag: <https://www.offaly.ie>

Tomás Ó Seanacháin
Stiúrthóir Seirbhísí
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Áras an Chontae
Bóthar Charleville
Tulach Mhór
Contae Uíbh Fhailí
R35 F893